www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2017–2018

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Ceimic

Aonad C1
Bonnsraith

GSD21

**[GSD21]**

**DÉARDAOIN 9 SAMHAIN 2017, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10(b)**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, istigh sa scrúdpháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Sna liostaí thíos tá roinnt sonraí faoi chúig chóimhiotal agus na húsáidí acu.
Tarraing línte le gach cóimhiotal a mheaitseáil le húsáid an chóimhiotail.

| **Cóimhiotal** | **Úsáid** |
|---|---|
| **prás**<br>(copar, sinc)<br>iontach sonda | ciorcaid leictreacha |
| **airgead steirling**<br>(airgead, copar)<br>lonrach, tarraingteach, costasach | cabhlacha aerárthaí |
| **sádar**<br>(stán, luaidhe)<br>leánn sé go furasta agus téachtann sé crua | gléasanna ceoil |
| **cruach**<br>(iarann, carbón)<br>trom agus láidir | seodra |
| **dúralúman**<br>(alúmanam, copar)<br>iontach éadrom agus láidir | droichid |

[4]

**(b)** Cá mhéad dúil mhiotail atá liostaithe thuas?

______________________________ [1]

**(c)** Cad é a chiallaíonn an téarma cóimhiotal?

______________________________

______________________________ [2]


www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

**2** Taispeánann na pictiúir thíos mias le roinnt oighir a fágadh i seomra te ar feadh lae. Bhí an mhias folamh faoi 10.00 pm.




**(a)** Comhlánaigh an abairt:

D'athraigh an t-oighear staid ó ____________________ go

____________________ agus ansin go ____________________.

[3]

**(b)** Bain úsáid as focail ón liosta leis na habairtí a leanann a chomhlánú.

**ghalaigh** **néalaigh** **chomhdhlúthaigh** **leáigh** **reoigh**

**(i)** Idir 9.00 am agus 10.00 am ____________________ an t-oighear sa mhias.

[1]

**(ii)** Idir 10.00 am agus 10.00 pm ____________________ an t-uisce sa mhias.


[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid thíos criostail iaidín atá ag néalú.




**(i)** Ainmnigh an solad a aimsítear gar do bharr an phromhadáin fiuchta.

______________________________ [1]

**(ii)** Cé acu staid damhna **nach** bhfuil i láthair sa phromhadán fiuchta, nuair a néalaíonn iaidín?

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

3 Sa tsliocht thíos tá faisnéis faoi chlóiríd sóidiam agus gaineamh.

Tá cloch shalainn déanta de lear substaintí lena n-áirítear clóiríd sóidiam agus gaineamh.
Is féidir clóiríd sóidiam a dhéanamh as sóidiam agus clóirín.
Nuair a thuaslagtar clóiríd sóidiam in uisce foirmítear tuaslagán a dtugtar sáile air.
Tá gaineamh déanta de dhé-ocsaíd sileacain ar substaint iontach crua í.

**(a)** Roghnaigh focail ón tsliocht thuas le gach ceann acu seo a leanas a shainaithint:


dúil mhiotail ____________________ [1]

meascán ____________________ [1]

dúil neamh-mhiotail ____________________ [1]

comhdhúil atá déanta de dhúile neamh-mhiotail amháin ____________________ [1]

**(b)** Taispeánann na léaráidí thíos céimeanna difriúla sa phróiseas a úsáidtear le salann íon a dhéanamh as cloch shalainn. **Níl** siad san ord cheart.



A B C D

Luaigh an t-ord ceart ar na ceithre chéim A, B, C agus D le cnapanna cloch shalainn a athrú ina salann íon.

____________________ [2]

**(c)** Cad é an tsubstaint a bheidh fágtha, mar iarmhar, i gcéim C?

____________________ [1]

**(d)** Cad é an tuaslagáit i gcéim D?


____________________ [1]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**4** Taispeánann an léaráid thíos sóidiam á chur le huisce.




**(a)** **(i)** Sa tábla thíos tá ráitis a chuireann síos ar rudaí is féidir a tharlóidh nuair a chuirtear sóidiam in uisce. Tá trí ráiteas fíor agus tá na cinn eile bréagach. Cuir **tic** (✓) sna boscaí cearta lena thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá **fíor**.

| Ráiteas | Fíor (✓) |
|---|---|
| dónn sóidiam le lasair ar dhath na líolóige | |
| leánn sóidiam le meall a fhoirmiú | |
| téann sóidiam go tóin | |
| scaoiltear dé-ocsaíd charbóin | |
| snámhann sóidiam ar an dromchla | |
| tagann dath corcra ar tháscaire uilíoch san uisce | |

[3]

**(ii)** Mínigh cad chuige a n-úsáidtear tlú leis an tsóidiam a chur san uisce.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Comhlánaigh an chothromóid focal d'imoibriú an litiam le huisce.

litiam + uisce → ____________ + ____________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

5 Sa tábla thíos tugtar intuaslagthacht substaintí difriúla in uisce ag dhá theocht dhifriúla. Is solaid iad roinnt acu agus is gáis iad roinnt eile.

| Substaint | Intuaslagthacht g/100 g uisce ag 15 °C | Intuaslagthacht g/100 g uisce ag 20 °C |
|---|---|---|
| A | 176 | 205 |
| B | 0.18 | 0.14 |
| C | 28 | 36 |
| D | 0.85 | 0.71 |
| E | 0.005 | 0.004 |

Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla, agus as do chuid eolais féin, leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

**(a)** Cé acu de na substaintí A, B, C, D nó E ar dóchúil gur **solaid** iad?

______________________________ [1]

**(b)** Cé acu de na substaintí A, B, C, D nó E arb í an **gás** is intuaslagtha í ag 15 °C?

______________________________ [1]

**(c)** Ríomh an titim ar intuaslagthacht do shubstaint D idir 15 °C agus 20 °C.

______________________________ [1]

**(d)** Is dúil í substaint E atá riachtanach le go mairfidh beathra uisceach sna haibhneacha. Ainmnigh substaint E.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

6 Anseo thíos tá lipéid a thaispeánann inneachar dhá bhuidéal deochanna, **X** agus **Y**.

| X | Y |
|---|---|
| uisce carbónáitithe<br>siúcra<br>aigéad fosfarach<br>dath<br>**pH = 2.5** | uisce carbónáitithe<br>siúcra<br>aigéad citreach<br>dath<br>**pH = 3.2** |

Is é 3.6 pH uisce carbónáitithe.

**(a)** **(i)** Cé acu deoch ina bhfuil an t-aigéad is láidre?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cé acu comhábhar i ndeoch **X** ar cúis é le titim an pH go dtí 2.5?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Cad é an modh a d'úsáidfeá le pH na ndeochanna seo a thomhas **go cruinn**?

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cé acu **ian**, atá i láthair sa dá dheoch, a dhéanann aigéadach iad?

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**(b)** Cuir **líne faoin** fhocal cheart, nó na focail chearta, leis na ráitis thíos a chomhlánú.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

(i) Tá hiodrocsaíd sóidiam

| |
|---|
| aigéadach go lag. |
| alcaileach go láidir. |
| neodrach. |

[1]

(ii) Tiontaíonn aigéad eatánóch táscaire uilíoch

| |
|---|
| dearg. |
| gorm. |
| oráiste. |

[1]

(iii) Tá tuaslagán amóinia ina

| |
|---|
| alcaile lag. |
| alcaile láidir. |
| aigéad lag. |

[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Sa tábla thíos tugtar faisnéis faoi chóirithe leictreonacha na n-adamh atá ag cúig dhúil, P, Q, R, S agus T.

Bain úsáid as an tábla thíos leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

| Dúil | Líon leictreon sa chéad sceall | Líon leictreon sa dara sceall | Líon leictreon sa tríú sceall |
|---|---|---|---|
| P | 2 | 2 | 0 |
| Q | 2 | 8 | 0 |
| R | 1 | 0 | 0 |
| S | 2 | 8 | 2 |
| T | 2 | 8 | 6 |

**(a)** Cé acu dúil P, Q, R, S nó T ar hidrigin í? ____________________ [1]

**(b)** Cé acu dúil P, Q, R, S nó T ar triathghás í? ____________________ [1]

**(c)** Cé acu dhá dhúil P, Q, R, S nó T atá le fáil sa Ghrúpa chéanna den Tábla Pheiriadach?

____________________ agus ____________________ [1]

**(d)** Cá mhéad **prótón** atá ag dúil S? ____________________ [1]

**(e)** Is é 32 mais adamhach choibhneasta dhúil T. Cá mhéad **neodrón** atá aici?

________________________________________________________________ [1]


**(f)** Mínigh cad chuige a bhfuil lucht **neodrach** ag adaimh na ndúl seo uilig P, Q, R, S agus T.

________________________________________________________________


________________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**8** Taispeánann na léaráidí thíos struchtúir **leictreonacha** na n-adamh atá ag litiam agus ocsaigin.




adamh litiam




adamh ocsaigine

**(a) (i)** Mínigh an dóigh a n-athraíonn cóirithe leictreonacha litiam agus ocsaigine nuair a fhoirmítear ocsaíd litiam.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Cad é an fhoirmle le haghaidh ocsaíd litiam?

______________________________________________ [1]

**(b)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál de nascadh in ocsaíd litiam?

______________________________________________ [1]


Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Taispeánann an graf thíos an dóigh a n-athraíonn na leáphointí de réir uimhir adamhach do chúig dhúil. Tá na cúig dhúil uilig sa Ghrúpa chéanna den Tábla Pheiriadach.




**(a)** Cad é leáphointe na dúile a bhfuil uimhir adamhach 11 aici?

______________________________ [1]

**(b)** **(i)** Cad é uimhir adamhach na dúile, a thaispeántar sa ghraf, a bhfuil an leáphointe is ísle aici?

______________________________ [1]

**(ii)** Do Bhileog Sonraí in úsáid agat le cuidiú leat, ainmnigh an dúil a bhfuil an leáphointe is ísle aici de na cúig dhúil a thaispeántar sa ghraf.

______________________________ [1]

**(c)** Cad é an Grúpa den Tábla Pheiriadach ina bhfaightear na cúig dhúil seo?

______________________________ [1]

**(d)** Cuir síos ar an treocht a thaispeántar sa ghraf seo.

______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(e)** Cad é patrún na himoibríochta do na dúile seo?

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** **(a)** Taispeánann an chothromóid siombailí thíos an t-imoibriú idir carbónáit chopair agus aigéad hidreaclórach caol.

**(i)** Cothromaigh an chothromóid agus cuir isteach na trí shiombail staide atá ar iarraidh fosta. [2]

$$CuCO_{3\,(s)} \;+\; HCl_{(\quad)} \;\longrightarrow\; CuCl_{2\,(aq)} \;+\; H_2O_{(\quad)} \;+\; CO_{2\,(\quad)}$$

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfá a chruthú gur dé-ocsaíd charbóin é an gás a fhoirmítear san imoibriú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Cuir síos ar **an dóigh** a ndéanfá roinnt carbónáit chopair sholadach a imoibriú le haigéad hidreaclórach caol agus ar cad é a bhreathnófá ag tarlú nuair a dhéanfá an turgnamh seo.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- Cur síos ar an chéim nó na céimeanna a thógfá agus ar an fhearas a bheadh de dhíth ort
- An dóigh a gcinnteofá go ndéanfaí an t-imoibriú go sábháilte
- Athruithe datha ar bith nó breathnuithe eile

**Measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

Céim nó céimeanna a thógfaí agus an fearas a mbainfí úsáid as:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Réamhchúraimí sábháilteachta:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Athruithe datha agus breathnuithe eile:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [6]

**(c)** I dturgnamh difriúil, rinneadh aigéad hidreaclórach caol a imoibriú le carbónáit chailciam sholadach.

Luaigh breathnú amháin atá **cosúil** agus dhá bhreathnú atá **difriúil** nuair a dhéantar aigéad hidreaclórach a imoibriú le **carbónáit chailciam**, seachas le carbónáit chopair.

**(i)** breathnú cosúil:

________________________________________ [1]

**(ii)** breathnuithe difriúla:

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatanóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT SALANN COITEANN, HIODROCSAÍDÍ AGUS OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Na salainn uilig de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Na níotráití uilig |
| An chuid is mó de na clóirídí, bróimídí agus iaidídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí d'airgead agus de luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE shulfáití luaidhe agus bhairiam<br>Tá sulfáit chailciam intuaslagtha ach sa bheagán |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na carbónáití de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hiodrocsaídí de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hocsaídí de shóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

8313.02

www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

# BILEOG SONRAÍ

Lena húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do:
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó ó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise lena n-úsáid sna scrúduithe.**



| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Tábla Peiriadach na nDúl | 2-3 |
| Siombailí d'Iain Roghnaithe | 4 |
| Intuaslagthacht Salann Coiteann | 4 |



# gcse eolaíocht

## ceimic
## teastas dúbailte
## teastas singil

www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | 1<br>**H**<br>Hidrigin<br>1 | | | | | | | | | | 4<br>**He**<br>Héiliam<br>2 |
| 7<br>**Li**<br>Litiam<br>3 | 9<br>**Be**<br>Beirilliam<br>4 | | | | | | | | | | | 11<br>**B**<br>Bórón<br>5 | 12<br>**C**<br>Carbón<br>6 | 14<br>**N**<br>Nítrigin<br>7 | 16<br>**O**<br>Ocsaigin<br>8 | 19<br>**F**<br>Fluairín<br>9 | 20<br>**Ne**<br>Neon<br>10 |
| 23<br>**Na**<br>Sóidiam<br>11 | 24<br>**Mg**<br>Maignéisiam<br>12 | | | | | | | | | | | 27<br>**Al**<br>Alúmanam<br>13 | 28<br>**Si**<br>Sileacan<br>14 | 31<br>**P**<br>Fosfar<br>15 | 32<br>**S**<br>Sulfar<br>16 | 35.5<br>**Cl**<br>Clóirín<br>17 | 40<br>**Ar**<br>Argón<br>18 |
| 39<br>**K**<br>Potaisiam<br>19 | 40<br>**Ca**<br>Cailciam<br>20 | 45<br>**Sc**<br>Scaindiam<br>21 | 48<br>**Ti**<br>Tíotáiniam<br>22 | 51<br>**V**<br>Vanaidiam<br>23 | 52<br>**Cr**<br>Cróimiam<br>24 | 55<br>**Mn**<br>Mangainéis<br>25 | 56<br>**Fe**<br>Iarann<br>26 | 59<br>**Co**<br>Cóbalt<br>27 | 59<br>**Ni**<br>Nicil<br>28 | 64<br>**Cu**<br>Copar<br>29 | 65<br>**Zn**<br>Sinc<br>30 | 70<br>**Ga**<br>Gailliam<br>31 | 73<br>**Ge**<br>Gearmáiniam<br>32 | 75<br>**As**<br>Arsanaic<br>33 | 79<br>**Se**<br>Seiléiniam<br>34 | 80<br>**Br**<br>Bróimín<br>35 | 84<br>**Kr**<br>Crioptón<br>36 |
| 85<br>**Rb**<br>Rubaidiam<br>37 | 88<br>**Sr**<br>Strointiam<br>38 | 89<br>**Y**<br>Itriam<br>39 | 91<br>**Zr**<br>Siorcóiniam<br>40 | 93<br>**Nb**<br>Niaibiam<br>41 | 96<br>**Mo**<br>Molaibdéiniam<br>42 | 99<br>**Tc**<br>Teicnéitiam<br>43 | 101<br>**Ru**<br>Ruitéiniam<br>44 | 103<br>**Rh**<br>Róidiam<br>45 | 106<br>**Pd**<br>Pallaidiam<br>46 | 108<br>**Ag**<br>Airgead<br>47 | 112<br>**Cd**<br>Caidmiam<br>48 | 115<br>**In**<br>Indiam<br>49 | 119<br>**Sn**<br>Stán<br>50 | 122<br>**Sb**<br>Antamón<br>51 | 128<br>**Te**<br>Teallúiriam<br>52 | 127<br>**I**<br>Iaidín<br>53 | 131<br>**Xe**<br>Xeanón<br>54 |
| 133<br>**Cs**<br>Caesium<br>55 | 137<br>**Ba**<br>Bairiam<br>56 | 139<br>**La***<br>Lantanam<br>57 | 178<br>**Hf**<br>Haifniam<br>72 | 181<br>**Ta**<br>Tantalam<br>73 | 184<br>**W**<br>Tungstan<br>74 | 186<br>**Re**<br>Reiniam<br>75 | 190<br>**Os**<br>Oismiam<br>76 | 192<br>**Ir**<br>Iridiam<br>77 | 195<br>**Pt**<br>Platanam<br>78 | 197<br>**Au**<br>Ór<br>79 | 201<br>**Hg**<br>Mearcair<br>80 | 204<br>**Tl**<br>Tailiam<br>81 | 207<br>**Pb**<br>Luaidhe<br>82 | 209<br>**Bi**<br>Biosmat<br>83 | 210<br>**Po**<br>Polóiniam<br>84 | 210<br>**At**<br>Astaitín<br>85 | 222<br>**Rn**<br>Radón<br>86 |
| 223<br>**Fr**<br>Frainciam<br>87 | 226<br>**Ra**<br>Raidiam<br>88 | 227<br>**Ac**†<br>Achtainiam<br>89 | 261<br>**Rf**<br>Rutarfoirdiam<br>104 | 262<br>**Db**<br>Dúibniam<br>105 | 263<br>**Sg**<br>Seaboirgiam<br>106 | 262<br>**Bh**<br>Boiriam<br>107 | 265<br>**Hs**<br>Haisiam<br>108 | 266<br>**Mt**<br>Meitniriam<br>109 | 269<br>**Ds**<br>Darmstaidiam<br>110 | 272<br>**Rg**<br>Unúiniliam<br>111 | 285<br>**Cn**<br>Únúinbiam<br>112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140<br>**Ce**<br>Ceiriam<br>58 | 141<br>**Pr**<br>Praiséidmiam<br>59 | 144<br>**Nd**<br>Neoidimiam<br>60 | 147<br>**Pm**<br>Próiméitiam<br>61 | 150<br>**Sm**<br>Samairiam<br>62 | 152<br>**Eu**<br>Eoraipiam<br>63 | 157<br>**Gd**<br>Gadailiam<br>64 | 159<br>**Tb**<br>Teirbiam<br>65 | 162<br>**Dy**<br>Diospróisiam<br>66 | 165<br>**Ho**<br>Hoilmiam<br>67 | 167<br>**Er**<br>Eirbiam<br>68 | 169<br>**Tm**<br>Túiliam<br>69 | 173<br>**Yb**<br>Itéirbiam<br>70 | 175<br>**Lu**<br>Lúitéitiam<br>71 |
| 232<br>**Th**<br>Tóiriam<br>90 | 231<br>**Pa**<br>Prótactainiam<br>91 | 238<br>**U**<br>Úráiniam<br>92 | 237<br>**Np**<br>Neiptiúiniam<br>93 | 242<br>**Pu**<br>Plútóiniam<br>94 | 243<br>**Am**<br>Ameiriciam<br>95 | 247<br>**Cm**<br>Cúiriam<br>96 | 245<br>**Bk**<br>Beircéiliam<br>97 | 251<br>**Cf**<br>Calafoirniam<br>98 | 254<br>**Es**<br>Éinstéiniam<br>99 | 253<br>**Fm**<br>Feirmiam<br>100 | 256<br>**Md**<br>Meindiléiviam<br>101 | 254<br>**No**<br>Nóbailiam<br>102 | 257<br>**Lr**<br>Láirinciam<br>103 |

* 58 – 71 Na Lantanóidigh
† 90 – 103 Na hAchtanóidigh

$^{a}_{b}x$

a = mais adamhach choibhneasta (neasluach)
x = siombail adamhach
b = uimhir adamhach